C/2024/7433

13.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7433)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Barbanza e Iria'

PGI-ES-A1255-AM03

Dáta na teachtaireachta: 30 Meán Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. CINEÁL NUA FÍONCHAOR A CHUR ISTEACH

Tuairisc:

Cuireadh an cineál geal Ratiño Gallega ar an liosta cineálacha a cheadaítear le haghaidh tháirgeadh fíonta Barbanza e Iria.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tá sé léirithe ag staidéir gur cineál dúchasach é seo agus nach clón de chuid cineáil eile é. Dá bhrí sin, ó thaobh cúrsaí riaracháin de, aithníodh é mar chineál nua *Vitis vinifera* le hOrdú APA/1097/2021 an 7 Deireadh Fómhair 2021, lena ndéantar foráil maidir le roinnt cineálacha speiceas éagsúil atá ann i gClár na gCineálacha Tráchtála (Iris Oifigiúil an Stáit an 11.10.2021).

2. LEATHNÚ AN LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE

Tuairisc:

Rinneadh leathnú beag ar limistéar geografach an táisc gheografaigh faoi chosaint seo chun paróiste riaracháin Seira, i mbardas Rois, ar paróiste é a theorannaíonn an limistéar críochaithe reatha, a áireamh.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é seo toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ní dhéantar difear don nasc toisc nach ndéantar ach leathnú beag ar an limistéar críochaithe reatha chun limistéar ag a bhfuil saintréithe comhchosúla a áireamh.

3. ATHRUITHE AR AN LÓGÓ

Tuairisc:

Rinneadh an lógó lena sainaithnítear na fíonta a thabhairt cothrom le dáta, agus cuireadh coibhéis an 'tásc geografach faoi chosaint' in ionad an téarma 'vino de la tierra'.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Baineann an leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an tsonraíocht. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is fearr an t-eolas atá ar an téarma 'tásc geografach faoi chosaint' sa mhargadh anois.

4. TAGAIRTÍ AGUS ATHFHRIOTAL NUASHONRAITHE

Tuairisc:

Leis an leasú ar an tsonraíocht táirge, soláthraíodh deis mhaith chun luachan dhlíthiúil nach raibh ábhartha a thuilleadh a nuashonrú agus chun feabhas a chur ar fhoclaíocht pointí éagsúla.

Baineann an leasú seo le pointí 2, 4, 7, 8 agus 9 den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Bhí deis ann chun feabhas a chur ar théacs na sonraíochta táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Barbanza e Iria

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC - Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

FÍON – Fíonta geala, dearga agus aonchineálacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn cuma éadrom, ghléghlan agus gheal ar na fíonta seo, agus bíonn doimhneacht mhaith datha acu. Tá a ndeabholadh simplí agus saor ó fhabhtanna agus léiríonn sé saintréithe an amhábhair a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh, agus bíonn neart alcóil measartha acu agus blasanna bláthacha agus torthaíocha orthu. Bíonn na fíonta bog, úr, saibhir agus cothromaithe sa bhéal, agus bíonn imir bheag aigéadachta ann.

Neart alcóil iarbhír íosta na bhfíonta aonchineálacha: 11 %.

* Aigéadacht luaineach uasta fíonta a mhargaítear tar éis 1 bhliain amháin d'aosú: 16,66 meq/l.

* Cion uasta dé-ocsaíde sulfair i bhfíonta geala: 175 mg/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 15

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

A luaithe a eastósctar táirgeacht an úrfhíona ó na fíonchaora, agus a dheighltear ón marc iad, ní ceadmhach an táirgeacht sin a bheith níos mó ná 67 lítear in aghaidh an 100 cileagram fíonchaor.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha geala

80,4 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíonchaor dearg

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha dearga

53,6 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is é atá sa limistéar: bardais Boiro, Catoira, Dodro, A Pobra do Caramiñal, Pontecesures, Rianxo, Ribeira agus Valga; paróistí riaracháin Camboño, Fruíme agus Tállara i mbardas Lousame; paróistí riaracháin Iria Flavia agus Padrón i mbardas Padrón; paróistí riaracháin Baroña, Caamaño, Queiruga, Ribasieira, San Pedro de Muro agus Xuño i mbardas Porto do Son; agus paróiste riaracháin Seira i mbardas Rois.

Tá an chuid is mó den limistéar geografach sin suite i gcúige A Coruña, cé is moite de bhardais Catoira, Valga agus Pontecesures, ar le cúige Pontevedra iad.

7. **Cineálacha fíonchaor**

AGUDELO - CHENIN BLANC

ALBARÍN BLANCO – BRANCO LEXÍTIMO

ALBARIÑO

BRANCELLAO

CAÍÑO BLANCO

CAÍÑO TINTO

ESPADEIRO - TORNEIRO

GODELLO

LOUREIRA - LOUREIRO BLANCO

LOUREIRA - MARQUÉS

LOUREIRO TINTO

MENCÍA

MERENZAO

RATIÑO GALLEGA

SOUSÓN

TORRONTÉS

TREIXADURA

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Léiríonn na fíonta an teocht áitiúil, an bháisteach áitiúil agus na dálaí fáis áitiúla, chomh maith leis an toisc dhaonna, ar nithe iad sin a thagann chun cinn i rogha na gcineálacha (agus cineálacha dúchasacha a bheith á n-úsáid den chuid is mó), roghnú na n-ithreacha is fearr (ithreacha dúrabhánacha, doimhne, tréscaoilteacha ar saintréithe iad de chuid an limistéir gheografaigh seo) agus úsáid dea-chleachtas fáis, lena n-áirítear prúnáil agus treorú fíniúnacha de láimh ar bhealach an-oilte, rud a fhágann gur féidir leas a bhaint as acmhainneacht fíonsaothrúcháin an limistéir. Is é an toradh a bhíonn ar na dálaí sin go léir fíonta cothromaithe comhchuí a choinníonn go maith agus a bhfuil próifíl aramatach shármhaith acu.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na fíonta a bhuidéalú sa limistéar geografach críochaithe ina ndéantar iad. Is féidir dochar a dhéanamh do cháilíocht an fhíona má dhéantar é a iompar agus a bhuidéalú lasmuigh den limistéar fíonóireachta, toisc gur féidir leis an bhfíon teacht faoi lé laghdú ocsaídiúcháin, éagsúlachtaí teochta agus tionchair eile. Dá fhaide an fad a thaistealaíonn an fíon, is amhlaidh is mó an riosca. Mar thoradh ar bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh, is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú. Mar gheall air sin, agus, chomh maith leis an taithí agus an t-eolas domhain ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta atá faighte ag fíonlanna an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Barbanza e Iria' i gcaitheamh na mblianta, is gá na fíonta a bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh, rud a chaomhnaíonn a gcuid saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus céadfacha uile.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór lipéad tánaisteach uimhrithe ar a bhfuil lógó TGFC a ghreamú ar gach buidéal.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/PC_Barbanza_Iria_julio_2024_ES.pdf